BILEOG **EOLAIS**

Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh

Beart Dearfach i dtreo Fuinneamh Inbhuanaithe

Is forbairt bheartaithe fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta thoir theas í Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh. Cuirfidh an tionscadal leictreachas glan ar fáil do thithe agus do ghnólachtaí in Éirinn.

Energia

Mar cheann de na soláthraithe fuinnimh agus infheisteoirí bonneagair is mó dá bhfuil in Éirinn, soláthraíonn Energia thart ar 20% de riachtanas iomlán leictreachais na hÉireann agus tá sé freagrach as isteach agus amach le 25% den toilleadh iomlán fuinnimh gaoithe atá suiteáilte ar an oileán.

Gníomhú ar son na hAeráide

Tá Energia ag tacú le sprioc gníomhaíochta aeráide na hÉireann le hastaíochtaí carbóin a laghdú faoina leath faoi 2030 agus le bheith ina tír atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.

Fuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta

Déanfaidh Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh a cion féin lenár soláthar fuinnimh a dhícharbónú agus astaíochtaí a laghdú.

Leictreachas Glan

Cuirfidh Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh leictreachas glan ar fáil do bhreis agus 500,000 teach.

Suíomh

Is tionscadal fuinnimh in-athnuaite í Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh atá beartaithe le bheith ar a laghad 10km, agus suas le 25km, amach ó chósta Phort Láirge.

Méid

Bheadh thart ar 40-60 tuirbín i gceist le gnáth-thionscadal gaoithe amach ón gcósta 600-800 MW.

Buntáistí

Geilleagrach

- Infheistíocht €2bn
- *c.* 800 post agus an obair thógála ar bun
- 70-100 post oibríochta agus cothabhála sa cheantar áitiúil
- Deiseanna slabhra soláthair do ghnólachtaí áitiúla

Sóisialta

Faoin gCiste Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite (RESS), cuirfear ciste sochair pobail is fiú na milliúin euro ar fáil do thionscadail áitiúla gach bliain mar gheall ar ghnáthfheirm ghaoithe 600-800MW.

energia Renewables

Oifigeach Idirchaidrimh Pobail (087) 183 7452
Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh (021) 203 1005
info@northcelticseawind.ie
www.northcelticseawind.ie

Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh
Beart Dearfach i dtreo Fuinneamh Inbhuanaithe

An Chéim Reatha

Tá tús curtha ag Energia leis an bpróiseas measúnachta timpeallachta le haghaidh Thionscadal Fheirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh. Tá eolas faoi na suirbhéanna beartaithe agus ceisteanna agus freagraí a bhaineann le hiascach le fáil ar shuíomh idirlín an tionscadail. Cuirfidh aon fhaisnéis a chuirfidh tú ar fáil ar ghníomhaíochtaí iascaireachta áitiúla bonn eolais faoin obair le suíomh oiriúnach don fheirm ghaoithe a aithint agus a bheachtú.

Nuair a bheidh sé ag feidhmiú, cuirfear ciste sochair pobail bliantúil ar fiú na milliúin é ar bun agus d'fhéadfadh sé tacú le tionscnaimh amhail:

- Cláir feabhsúcháin stoic nó gorlainne agus deontais taighde
- Uasghráduithe bonneagair agus trealaimh calafoirt agus cé (m.sh. athdhromchlú bóthair, fuarstórais, soilsiú, slándáil, trealamh ardaithe, dréimirí cé)
- Oiliúint agus trealamh sláinte agus sábháilteachta
- Deontais um uasoiliúint agus éagsúlú
- Deontais d'iascach nó do mhicrifhiontair bia mara

Amlíne Thráscach an Tionscadail

2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029
Suirbhéanna Comhshaoil agus Dearadh					Pleanáil	Ceant RESS agus Eangach	Tógáil			Feidhmiú
Idirchaidreamh Pobail agus Iascaigh										
		Comhairliúchán Poiblí 1		Comhairliúchán Poiblí 2	Comhairliúchán Poiblí 3					

Oifigeach Idirchaidrimh Pobail (087) 183 7452
Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh (021) 203 1005
info@northcelticseawind.ie
www.northcelticseawind.ie

energia Renewables